2024/582

13.2.2024

CINNEADH (AE) 2024/582 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Samhain 2023

lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Colóime maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bhrí gur cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair a thabhairt i gcrích le Poblacht na Colóime,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí') tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair a chaibidliú le Poblacht na Colóime.

2. Déanfar an chaibidlíocht ar bhonn treoracha caibidlíochta na Comhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Leis seo, déantar an Coimisiún a ainmniú mar cheann ar fhoireann caibidlíochta an Aontais.

Airteagal 3

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal um Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Samhain 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
P. CANCELA RODRÍGUEZ